**BONNEAGAR IOMPAIR ÉIREANN**

**SCÉIM DEONTAIS CEANNAIGH FEITHICLÍ TROMSHAOTHAIR ASTAÍOCHTAÍ NIALASACHA**

**FÓGRA UM CHOSAINT SONRAÍ**

Eisíonn Bonneagar Iompair Éireann ("**BIÉ**") ("**muid**", "**sinn**" nó "**ár**") an fógra um chosaint sonraí seo.

Tá BIÉ ceaptha ag an Roinn Iompair (an "**Roinn**") chun an scéim deontais ceannaigh feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha (an "**Scéim**") a riar.

Déanann BIÉ comhaontuithe deontais go díreach le faighteoirí deontas faoin Scéim. Is é BIÉ rialaitheoir na sonraí pearsanta a bhailímid maidir leis an Scéim.

Tá Pierse Fitzgibbon Solicitors CDT ceaptha ag TII mar oibreoir na Scéime chun an Scéim a oibriú thar ceann TII. Agus an ról seo á chomhlíonadh aige, gníomhaíonn Pierse Fitzgibbon Solicitors CDT mar phróiseálaí a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann TII.

Glacaimid ár bhfreagrachtaí faoin dlí cosanta sonraí is infheidhme, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (an "**RGCS**") agus cur i bhfeidhm reachtaíochta ar nós an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, go han-dáiríre. Is é cuspóir an fhógra seo ná daoine is ábhar do na sonraí a chur ar an eolas faoi na sonraí a bhaineann leo a d'fhéadfaimis a bhailiú agus na húsáidí a d'fhéadfaimis a bhaint as sonraí den sórt sin agus an Scéim á riaradh againn.

1. **Cén t-eolas a bhailímid**

1.1 Féadfaimid (nó soláthraithe seirbhíse a ghníomhaíonn ar ár son ar nós oibreoir na Scéime Pierse Fitzgibbon Solicitors CDT) sonraí a bhaineann le daoine is ábhar do na sonraí a bhailiú agus a phróiseáil le linn ár gcaidreamh le daoine is ábhar do na sonraí dá leithéid (agus ina dhiaidh sin) mar a leagtar amach thíos.

1.2 I gcúinsí inar trádálaí aonair é faighteoir deontais faoin Scéim, d'fhéadfadh go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sna sonraí pearsanta sin:

(a) ainm agus sonraí teagmhála an trádálaí aonair;

(b) uimhir thagartha cánach an trádálaí aonair agus deimhniú imréitigh cánach;

(c) fianaise ar athnuachan árachais;

(d) deimhniú clárúcháin feithicle don fheithicil is ábhar d'iarratas ar dheontas;

(e) méid an deontais;

(f) sonraí airgeadais a bhaineann leis an trádálaí aonair, lena n-áirítear láimhdeachas (chun críocha chatagóiriú GBM);

(g) cláruimhir na feithicle;

(h) Aon sonraí eile a bhaineann le cibé an gcomhlíonann an trádálaí aonair Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta na Scéime (m.sh. má fhaigheann BIÉ amach go ndearnadh iarratas ar dheontas nó gur dámhadh é ar bhonn iarratas calaoiseach);

(i) sonraí cuntais bainc trádálaí aonair (is é sin an cuntas a n-íocfar an deontas isteach); agus

(j) aon fhaisnéis phearsanta eile a sholáthraíonn an trádálaí aonair go díreach dúinn.

1.3 Chomh maith le faisnéis a bhailiú go díreach ón trádálaí aonair, féadfaimid freisin cláruimhir feithiclí a bhaineann le feithicil trádálaí aonair a fháil ó sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí agus ó sholáthraithe deontais eile chun a fhíorú nach bhfuil feithiclí ag baint tairbhe as ilscéimeanna deontas.

1.4 I gcúinsí inar cuideachta faighteoir an deontais, ansin féadfaimid na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas a bhailiú ó stiúrthóirí/feidhmeannaigh sa chuideachta lena bhfuilimid ag déileáil:

(a) Ainm agus sonraí teagmhála; agus

(b) Aon fhaisnéis phearsanta eile a sholáthraíonn stiúrthóirí/feidhmeannaigh dá leithéid go díreach dúinn.

2. **Cuspóir na próiseála agus an bunús dlí**

2.1 Féadfaidh sinne agus soláthraithe seirbhíse tríú páirtí a ghníomhaíonn ar ár son (cosúil le oibreoir na Scéime Pierse Fitzgibbon Solicitors CDT) na sonraí pearsanta a gcuirtear síos orthu thuas a úsáid chun:

(a) an Scéim a riaradh, lena n-áirítear riarachán ginearálta, measúnú ar incháilitheacht faoin Scéim, agus ríomh agus íoc deontas faoin Scéim,

(b) aon oibleagáidí a fhorchuirtear orainn faoin dlí is infheidhme a chomhlíonadh

(c) ár n-oibleagáidí dlíthiúla agus rialála a chomhlíonadh; agus

(d) oibriú na Scéime a mhaoirsiú agus a athbhreithniú.

2.2 Is é an bunús dlí ar a mbailímid agus ar a bpróiseálann muid do shonraí pearsanta ar an mbealach a gcuirtear síos air thuas ná:

(a) chun cúram a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir (faoi Airteagal 6(1)(e) den RGCS agus alt 38 den Acht um Chosaint Sonraí 2018); agus

(b) i gcás inar trádálaí aonair an t-iarratasóir, go bhfuil an phróiseáil riachtanach chun conradh a chomhlíonadh leis an trádálaí aonair m.sh. do chomhlíonadh rialacha agus téarmaí agus coinníollacha na Scéime.

2.3 I gcúinsí ina bhfaigheann BIÉ amach go ndearnadh iarratas ar dheontas nó gur dámhadh é ar bhonn iarratas calaoiseach (a bhféadfadh an chalaois chéanna a bheith coiriúil ina nádúr), ansin déanfaimid, nuair is cuí, sonraí den sórt sin a phróiseáil chun tasc a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail (Airteagal 6(1)(e) den RGCS agus alt 38 den Acht um Chosaint Sonraí 2018) nó i dtaca lenár gcinneadh incháilitheachta le haghaidh sochar nó seirbhísí (alt 55(2)(b)).

2.4 Ina theannta sin, cinntímid go bhfuil aon phróiseáil ar shonraí pearsanta teoranta don mhéid atá riachtanach agus comhréireach.

3. **Sonraí pearsanta a nochtadh**

3.1 Nuair is gá agus más comhréireach, féadfaimid sonraí pearsanta a nochtadh d'fhaighteoirí tríú páirtí i dtaca leis na cuspóirí atá leagtha amach thuas. Áirítear leis seo sonraí pearsanta a roinnt le:

(a) oibreoir na Scéime, Pierse Fitzgibbon Solicitors CDT;

(b) aon chomharba ar BIÉ mar riarthóir na Scéime;

(c) soláthraithe eile seirbhíse (lena n-áirítear sainchomhairleoirí agus comhairleoirí dlí) i dtaca le hoibriú agus riaradh na Scéime;

(d) údaráis agus comhlachtaí poiblí eile ar nós an Garda Síochána nó údaráis eile um fhorghníomhú an dlí, i gcás ina gceanglaítear nó ina gceadaítear sin de réir an dlí, chun coireacht a chosc, a imscrúdú nó a bhrath; agus

(e) an Roinn Iompair (an **"Roinn")** i ndáil le hathbhreithniú, iniúchadh agus maoirsiú na Roinne ar riaradh na Scéime ó am go ham.

4. **Coinneáil**

4.1 Coinneoimid sonraí pearsanta an trádálaí aonair agus an feidhmeannach/stiúrthóir ar feadh ár riaradh ar an Scéim agus ar feadh cibé tréimhse ama ina dhiaidh sin is gá chun ár gcearta a fheidhmiú nó chun ár n-oibleagáidí faoin dlí is infheidhme a chomhlíonadh agus, más ábhartha, chun déileáil le haon éileamh nó díospóid a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

5. **An riachtanas a bhaineann le faisnéis agus iarmhairtí áirithe a sholáthar**

5.1 Tá na sonraí pearsanta a bhfuil cur síos orthu ag 1. thuas ag teastáil uainn chun an Scéim a riar. Mura gcuirtear na sonraí ábhartha go léir ar fáil dúinn ní bheidh an t-iarratasóir ar dheontas in ann leas a bhaint as an Scéim.

6. **Do chearta agus conas do chuid faisnéise a nuashonrú**

6.1 Tá na cearta seo a leanas ag daoine is ábhar do na sonraí, i gcúinsí áirithe agus faoi réir srianta áirithe, maidir lena sonraí pearsanta:

(a) an ceart rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta;

(b) an ceart a iarraidh go ndéanfaí a sonraí pearsanta a cheartú agus/nó a scriosadh;

(c) an ceart srian a chur ar úsáid a sonraí pearsanta;

(d) an ceart agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil a sonraí pearsanta, i gcás ina bhfuilimid á bpróiseáil ar an mbonn go bhfuil sé sin riachtanach chun cúram a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil;

(e) an ceart atá ag duine is ábhar do na sonraí a shonraí pearsanta a fháil, a soláthraíodh dúinn, i bhformáid struchtúrtha, a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín nó a cheangal orainn na sonraí sin a tharchur chuig rialaitheoir eile, i gcás ina bhfuil na sonraí á bpróiseáil againn bunaithe ar thoiliú an duine is ábhar do na sonraí ábhartha nó i gcás inar trádálaí aonair an duine is ábhar do na sonraí agus go bhfuil sé sin riachtanach chun conradh a chomhlíonadh leis an trádálaí aonair sin.

6.2 Chun aon cheann de na cearta atá leagtha amach thuas a fheidhmiú, déan teagmháil le do thoil le:

| | **Trí Ríomhphost** | **Sa phost** |
|---|---|---|
| **BIÉ** | dataprotection@tii.ie | Oifigeach um Chosaint Sonraí,<br>Bonneagar Iompair Éireann,<br>Ionad Gnó Gheata na Páirce,<br>Sráid Gheata na Páirce,<br>Baile Átha Cliath 8,<br>D08 DK10 |

6.3 Ceanglaítear orainn na sonraí go léir a choinneáil cruinn agus suas chun dáta. Le cur ar ár gcumas é seo a dhéanamh, ba cheart go gcinnteodh daoine is ábhar do na sonraí go gcoimeádann siad suas chun dáta sinn maidir le haon athruithe ar a sonraí pearsanta.

7. **Ceisteanna agus Gearáin**

7.1 Má bhíonn aon cheisteanna nó gearáin ag duine is ábhar do na sonraí maidir lenár bpróiseáil ar a sonraí pearsanta, féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh linn trí úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála ag 6.2 thuas.

7.2 Tá sé de cheart ag daoine is ábhar do na sonraí freisin gearán a dhéanamh le Coimisiún na hÉireann um Chosaint Sonraí mura bhfuil siad sásta leis an mbealach ar úsáideamar a gcuid faisnéise nó ar láimhseáil muid a gcearta. Is féidir sonraí maidir le conas gearán a dhéanamh a fháil ag (https://forms.dataprotection.ie/contact ) nó is féidir le daoine is ábhar do na sonraí glaoch a chur ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ag +353 (01)7650100.

19ú Meán Fómhair 2024